*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: S. Bohr agus L. Vernier, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarann an t-iarratasóir go ndéanfar, de pháirt, an chinneadh ón gCoimisiúin Eorpaigh an 19 Bealtaine 2021 lenar fhorchuir sé smachtbhanna araíonachta an dífhostaithe air gan cearta pinsin a laghdú a chur ar neamhní agus, den pháirt eile, an chinnidh an 15 Nollaig 2021 lenar dhiúltaigh an Coimisiún dá ghearán a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do OQ a chostais féin agus na costais sin arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc;

---

([1]) IO C 198, 16.5.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Aibreán 2023 – Zitro International v EUIPO – e-gaming (Smiley ag caitheamh hata ard)**

**(Cás T-491/22)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha an Aontais Eorpaigh a léiríonn smiley a bhfuil hata ard á chaitheamh aige – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh a thaispeánann carachtar sainiúil – Foras coibhneasta le diúltú – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 189/41)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Zitro International Sàrl (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaí: A. Canela Giménez, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: D. Stoyanova-Valchanova agus D. Gája, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* e gaming s. r. o. (Prág, Poblacht na Seice)

**Maidir le:**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir go ndéanfar an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Bealtaine 2022 (Cás R 2005/2021-4) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Zitro International Sàrl a costais féin a íoc.

3) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin a íoc.

---

([1]) IO C 380, 3.10.2022.